

# BAIN TRIAIL AS MATA

**Tá an Mata úsáideach i ngach spórt. Tá rudaí cosúil leis na scóranna a chomhaireamh ann gan dabht. Ach úsáidtear an mhata freisin chun súil a choinneáil ar oiliúint agus ar fheidhmíocht imreoirí.**

### Fíricí Rugbaí




Is é an scéal ná go raibh daltaí sa bhliain 1823 i Scoil Rugbaí i Sasana ag imirt peile agus rug buachaill darbh ainm **William Webb Ellis** ar an liathróid ina lámha agus rith sé i dtreo na foirne eile. Tháinig a leithéid i dtreis agus rinneadh peil rugbaí de.




1. I gcéimeanna púil, caithfidh gach foireann imirt i gcoinne a chéile sa ghrúpa aon uair amháin. **Cé mhéad cluiche atá ag teastáil i ngach grúpa?**
2. Téann an bheirt is fearr i ngach grúpa (8 bhfoireann) isteach sna babhtaí ceathrú ceannais don chéim dheiridh... **Cé mhéad cluiche atá ann sa chéim dhibeartha?** *(Tá cluiche idir an dá fhoireann nár éirigh leo sa bhabhta leathcheannais chun foireann an 3ú áit a aimsiú).*
3. Is ionann iarracht agus 5 phointe. Má scórann tú iarracht is féidir leat cic slánaithe a dhéanamh. Má théann sé idir na cuaillí agus os cionn an trasnán déanfaidh tú 2 phointe. Is féidir leat cúil phionóis agus preabchúil a chiceáil freisin. Tugann siad araon 3 phointe. **Cé mhéad bealach éagsúla atá ann d'fhoireann chun 12 phointe a scóráil?**

Corn Rugbaí an Domhain
Cuirtear Corn Rugbaí an Domhain ar siúl gach 4 bliana.

Bíonn corn domhanda na bhfear ar siúl sa bhFrainc ón 8 Meán Fómhair go dtí an 28 Deireadh Fómhair 2023. Beidh an chéad chorn domhanda eile do mhná ar siúl i Sasana i 2025.

### Fíricí Rugbaí

I rugbaí agus a lán spórt caitheann imreoirí rianairí **GPS** ar féidir iad a fheiceáil mar chnap ar cúl an gheansaí.

Úsáidtear mata chun na himreoirí a rianú agus insint cé chomh tapa agus a bhogann siad, cé chomh crua atá siad ag obair agus is féidir leis na bainisteoirí an fhaisnéis seo a fheiceáil ar scáileán le linn an chluiche.




### Fíricí Rugbaí



Is é an taifead is luaithe riamh ar bhean a d'imir rugbaí ná **Emily Valentine**. D'imir sí in aois 10 sa bhliain 1887 ag Scoil Ríoga Portora in Inis Ceithleann, Co. Fhear Manach.

Bunaíodh Cumann **Rugbaí Ban na hÉireann** i 1991 agus an bhí an chéad Chorn Domhanda do mhná ar siúl sa bhliain chéanna.




### Tráth na gCeist Rugbaí




Is féidir leat tuilleadh a fháil amach faoi fhíricí ar Mhata & Spóirt, anseo

#### Criosanna Ama

Tá an Fhrainc agus an Afraic Theas **1 uair** an chloig chun tosaigh ar Éirinn agus ar an mBreatain.

Tá Tonga **11 uair** an chloig chun tosaigh ar an bhFrainc agus ar an Afraic Theas.

Tá an Rómáin **1 uair** an chloig chun tosaigh ar an bhFrainc agus ar an Afraic Theas.

Tá an chéad chluiche, Éire v an Rómáin ar an 9ú Meán Fómhair ag **3:30pm** (sa Fhrainc).

**Cén t-am a thaispeánfar an cluiche beo anseo?**

**Cén t-am a fheicfidh daoine sna tíortha púil eile an cluiche beo?**


Maths Week Ireland

14-22 Deireadh Fómhair 2023

#bainimúsáidasmata #MathsWeek2023

Cláraigh anois ar **mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag CALMAST SETU Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheisceart South East Technological University

Le tacaíocht ó Science Foundation Ireland SFI For what's next; Business in the Community The Responsible Business Network Northern Ireland; In association with Smart Futures www.smartfutures.ie; An Roinn Oideachais Department of Education